www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Patrúin Cheimiceacha agus ár dTimpeallacht
## Modúl 3

## Ardsraith

**[GSC32]**

GSC32

**DÉ CÉADAOIN 23 FEABHRA 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí ar fáil le húsáid leis an pháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Chuir Pól turgnamh i dtreoir le fiosrú a dhéanamh ar imoibriú miotal le tuaslagán an tsalainn acu.

**In eascra A** chuir sé sinc isteach i dtuaslagán de shulfáit chopair.

**In eascra B** chuir sé iarann isteach i dtuaslagán de shulfáit since.

D'fhág sé na heascraí mar sin ar feadh 30 nóiméad.

| **Eascra** | **Dath ar dtús** | **Dath i ndiaidh 30 nóiméad** |
|---|---|---|
| A | Tuaslagán – gorm<br>Miotal – liath | Tuaslagán – ______________<br>Miotal – ______________ |
| B | Tuaslagán – éadathach<br>Miotal – liath | Tuaslagán – ______________<br>Miotal – ______________ |

**(a)** Comhlánaigh an tábla thuas lena thaispeáint cad iad na dathanna a bhí ann i ndiaidh 30 nóiméad. [4]

**(b)** Mínigh ina n-iomláine na torthaí d'eascra B.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Cén t-ainm a thugtar ar an chineál seo d'imoibriú?

______________________________________________________________ [1]

**(d)** Ainmnigh an tuaslagán a foirmíodh in eascra A i ndiaidh 30 nóiméad.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com



**2** Rinne Máire turgnamh lena fháil amach cá mhéad ocsaíd mhaignéisiam a tháirgfí trí 8.4 g de charbónáit mhaignéisiam a théamh.

D'úsáid sí dóire Bunsen leis an charbónáit mhaignéisiam a théamh i bpromhadán.


Gach nóiméad ina dhiaidh sin, thaifead Máire mais an tsolaid a bhí fágtha sa phromhadán.

Rinne sí an turgnamh arís le 8.4 g eile de charbónáit mhaignéisiam.

Tá a cuid torthaí sa tábla thíos.

| **Am/ nóiméid** | **0** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Mais/g (teist 1)** | 8.4 | 7.1 | 6.3 | 5.3 | 4.3 | 3.9 | 3.9 |
| **Mais/g (teist 2)** | 8.4 | 6.9 | 5.9 | 4.7 | 4.1 | 4.1 | 4.1 |
| **Meánmhais/g** | 8.4 | 7.0 | 6.1 | 5.0 | 4.2 | 4.0 | 4.0 |

**(a)** Ar an eangach thíos, breac agus tarraing líneghraf de mheánmhais ar am.




[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Cad chuige a ndearna Máire an turgnamh dhá uair agus cad chuige ar ríomh sí meánmhais?

______________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** a ghlacfadh Máire?

______________________________________________ [1]

**(d)** Comhlánaigh an chothromóid focal do théamh carbónáit mhaignéisiam.

$MgCO_3 \longrightarrow$ + [2]

**(e)** **(i)** Cén t-ainm a thugtar ar an chineál seo d'imoibriú ceimiceach?

______________________________________________ [2]

**(ii)** Nuair a dhéantar 8.4 g de charbónáit mhaignéisiam a théamh, bíonn 4.0 g d'ocsaíd mhaignéisiam fágtha.


Ríomh cá mhéad dé-ocsaíd charbóin a scaoileadh.

Freagra ______________ g [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3 (a)** Comhlánaigh na lipéid ar an léaráid seo thíos.




[3]

**(b)** Ainmnigh an dúil thuas.
Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.

______________________________________________ [1]

**(c)** Comhlánaigh an tábla thíos.

| Cáithnín | Lucht coibhneasta | Mais choibhneasta |
|---|---|---|
| Prótón | +1 | |
| Neodrón | | 1 |
| Leictreon | | $\frac{1}{1840}$ |

[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Cuirtear eiblitheoirí le bianna, uachtar sailéid, m.sh., sa dóigh nach scarfaidh na substaintí difriúla sa bhia.

**(a)** I gcás na mbreiseán seo thíos, luaigh fáth **amháin** a gcuirtear le bia iad.

**(i)** Frithocsaídeoirí.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Rialtáin bhun aigéid.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Dathúcháin.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Breiseáin bhia, luaigh **dhá** fháth a bhfuil daoine áirithe buartha faoina n-úsáid.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le breiseáin bhia a thástáil ar ainmhithe.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Is modh eolaíoch é dátú radaiméadrach ina n-úsáidtear carraigeacha le meastachán a dhéanamh ar aois an Domhain.

Cuir síos ar an dóigh a mbíonn an modh seo in úsáid.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Is ar leabhar Gheineasas sa Bhíobla atá teoiric eile faoi aois an Domhain bunaithe.

**(i)** Cad é ainm an duine a bhunaigh an teoiric aige ar leabhar Gheineasas?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é aois an Domhain nuair a dhéantar í a ríomh leis an mhodh seo?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Is é $Al_2(SO_4)_3$ an fhoirmle cheimiceach atá ag sulfáit alúmanaim.

**(i)** Comhlánaigh an tábla thíos lena thaispeáint cad é líon na n-adamh atá ag gach dúil san fhoirmle do shulfáit alúmanaim.

| Dúil | Líon na n-adamh san fhoirmle $Al_2(SO_4)_3$ |
|---|---|
| Alúmanam, Al | ______________________ |
| Sulfar, S | ______________________ |
| Ocsaigin, O | ______________________ |

[3]

**(ii)** Cá mhéad dúil dhifriúil atá ann san fhoirmle $Ca(HCO_3)_2$?

______________________________________________ [1]

**(b)** Úsáidtear hiodrocsaíd mhaignéisiam $Mg(OH)_2$ le farasbarr aigéadachta sa ghoile a mhaolú.

Comhlánaigh agus cothromaigh an chothromóid siombailí anseo thíos.

$Mg(OH)_2 + 2HCl \longrightarrow \qquad\qquad + \qquad\qquad$

[3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.